**RABHADH**
**Ní MÓR duit an ceistpháipéar seo a chur ar ais le do fhreagarleabhar ag deireadh an scrúdaithe, nó caillfear marcanna.**

**Scríobh do Scrúduimhir anseo:** ☞

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2013

# Gnó – Ardleibhéal

**(400 marc)**

## DÉARDAOIN 13 MEITHEAMH 2013 – MAIDIN 9.30 - 12.30

**NÍ MÓR d'IARRTHÓIRÍ NA CEISTEANNA SEO A FHREAGAIRT:**

**(A)** **Ocht** gceist as **ROINN 1**

**AGUS**

**(B)** **An Cheist ar an nGnó Feidhmeach i ROINN 2**

**AGUS**

**(C)** **Ceithre** cheist as **ROINN 3** mar seo a leanas:
Ceist **Amháin** as **Cuid 1**,
**Dhá** cheist as **Cuid 2**
**agus** ceist **Amháin** eile as **Cuid 1** nó as **Cuid 2**.
**Tá na ceisteanna go léir ar aon mharc.**

| Ceist | Marc |
|---|---|
| 1 | |
| 2 | |
| 3 | |
| 4 | |
| 5 | |
| 6 | |
| 7 | |
| 8 | |
| 9 | |
| 10 | |
| Iomlán | |

**Tabhair faoi deara, le do thoil, dáileadh na marcanna ar na ceisteanna.**
**Ceadaítear áireamháin a úsáid.**
**Déanamh agus Múnla an áireamháin a úsáideadh:**

**NÁ DÉAN DEARMAD AN CEISTPHÁIPÉAR SEO A THABHAIRT AR AIS LEIS AN bhFREAGARLEABHAR INA mBEIDH NA FREAGRAÍ AR ROINN 2 AGUS ROINN 3**

# ROINN 1
**(80 marc)**
## CEISTEANNA GEARRFHREAGRA

**Ní mór an roinn seo a fhreagairt. Freagair ocht gceist. Tá 10 marc ag gabháil le gach ceist.**

**Ná déan dearmad an ceistpháipéar seo a chur ar ais in éineacht le do fhreagarleabhar.**

**1.** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** thréith a bhaineann le Cuideachta Phríobháideach Theoranta:

(i) ______________________________

______________________________

(ii) ______________________________

______________________________

**2.** (a) Cad dó a seasann na litreacha GNT (NCA i mbéarla)? Scríobh an freagra sa spás atá ar fáil.

| **GNT** | |
|---|---|

(b) Tabhair breac-chuntas ar **dhá** fheidhm atá ag an GNT:

(i) ______________________________

______________________________

(ii) ______________________________

______________________________

**3**. (a) Ag úsáid na bhfigiúirí thíos duit, ríomh an **Cóimheas Reatha** do 'Sentry Teo.'.

(**Taispeáin do chuid oibrithe**)

| | |
|---|---|
| Féichiúnaithe | €12,000 |
| Rótharraingt Bhainc | €20,000 |
| Airgead Tirim | €15,000 |
| Creidiúnaithe | €50,000 |
| Stoc Deiridh | € 8,000 |

| Oibrithe |
|---|
| |
| Freagra: |

(b) Tabhair tuairisc ar riocht leachtachta Sentry Teo.:

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

**4.** Scríobh *Fíor* nó *Bréagach* i ndiaidh gach aon cheann de na ráitis seo.

| | **Abairt** | **Fíor nó Bréagach** |
|---|---|---|
| 1. | Úsáidtear baisctháirgeadh nuair a bhíonn táirge aonair, aonuaire, uathúil á dhéanamh. | |
| 2. | I gComhaontú Fruilcheannaigh aistrítear úinéireacht dhlíthiúil an earra chuig an gceannaitheoir nuair a íoctar an chéad tráthchuid. | |
| 3. | Is féidir dul i ngleic le heasnamh sa Sreabhadh Airgid trí thréimhse chairde níos giorra a idirbheartú le féichiúnaithe. | |
| 4. | Is struchtúr úinéireachta é trádálaí aonair a bhfuil dliteanas teoranta mar bhuntáiste aige. | |
| 5. | Bíonn ísealghiaráil ag cuideachta nuair a bhíonn a caipiteal cothromais níos mó ná a caipiteal fiachais. | |

**5.** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** impleacht don bhainistíocht a éiríonn as an gcuideachta a suíomh gréasáin féin a fhorbairt:

(i) ______________________________________________

______________________________________________

(ii) ______________________________________________

______________________________________________

**6.** In Anailís mheá ar mheá déantar idirdhealú idir '*Costais Sheasta'* agus '*Costais Athraitheacha'*. Mínigh na téarmaí seo, agus tabhair sampla **amháin** i n**gach** cás.

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

**7.** Mínigh an téarma 'Dífhostú Inchiallaithe'.

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

**8.** Is liosta de théarmaí eacnamaíochta atá i gcolún 1. Is liosta de mhíniúcháin a d'fhéadfadh a bheith ar na téarmaí eacnamaíochta sin atá i gcolún 2. (*Tá míniúchán amháin ann nach dtagraíonn d'aon cheann de na téarmaí eacnamaíochta.*)

| Colún 1 - Téarmaí | Colún 2 - Míniúcháin |
|---|---|
| 1. Ráta Malairte | A. An méadú ar luach na n-earraí agus na seirbhísí a tháirgtear i ngeilleagar ó bhliain go bliain. |
| 2. Ráta Úis | B. Tomhaiseann an tInnéacs Praghsanna do Thomhaltóirí (CPI) é. |
| 3. Cánachas | C. Tomhaiseann an beochlár é. |
| 4. Fás Geilleagrach | D. Is féidir leis a bheith céimnitheach nó cúlchéimnitheach. |
| 5. Boilsciú | E. Praghas airgeadra amháin léirithe i dtéarmaí airgeadra eile. |
| | F. An costas a bhaineann le hairgead a fháil ar iasacht. |

Déan an dá liosta a mheaitseáil. Cuir an litir a bhaineann leis an míniúchán ceart faoin uimhir chuí thíos.

| **1** | **2** | **3** | **4** | **5** |
|---|---|---|---|---|
| | | | | |

**9.** Déan idirdhealú idir '*Treoir*' agus '*Rialachán*' mar ionstraimí reachtacha laistigh den AE.

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

**10.** Tabhair breac-chuntas ar dhá impleacht is féidir a bheith i gceist do ghnólacht má ghlacann bainisteoir leis an gcur chuige i dTeoiric X McGregor i leith na bainistíochta.

(i) ______________________________________________

______________________________________________

(ii) ______________________________________________

______________________________________________

**NÁ DÉAN DEARMAD AN CEISTPHÁIPÉAR SEO A THABHAIRT AR AIS LEIS AN bhFREAGARLEABHAR INA mBEIDH NA FREAGRAÍ AR ROINN 2 AGUS ROINN 3.**

# ROINN 2

**(80 marc)**

**Ceist éigeantach í seo bunaithe ar na hAonaid 5, 6, agus 7**

**CEIST AR AN nGNÓ FEIDHMEACH**

## Cluichí Galaxy Teo.



Cuideachta bheag dhúchasach is ea Cluichí Galaxy Teo. atá ag feidhmiú in earnáil nua na teicneolaíochta cluichíochta. Beirt chéimithe coláiste, Dáithí Ó Faoláin agus Sinéad Nic an Bhaird, a bhunaigh é. Is innealtóir bogearraí agus ailtire gréasáin é Dáithí agus is céimí margaíochta í Sinéad. Le gairid, d'aimsigh a bhfoireann dearaidh roinnt smaointe do chluichí nua a bhaineann le gníomhaíocht eachtraíochta, le ceol agus le ríomhfhoghlaim.

I ndiaidh athbhreithniú a dhéanamh ar na smaointe éagsúla a cuireadh chun cinn, roghnaíodh 'Knights' Domain', cluiche nua gníomhaíocht eachtraíochta ina ndéantar ríocht fantaisíochta a thógáil. Chinn an fhoireann dearaidh feidhm a bhaint as ceol Éireannach agus grafaicí ceannródaíocha chun an cluiche a idirdhealú ó chluichí eile. Chuir Sinéad tuarascáil ghnó le chéile, chomh maith le mionanailís mheá ar mheá, leis an bpoitéinseal a bhain le 'Knights' Domain' a dhéanamh amach. Tar éis na tuarascála seo, chuir an fhoireann dearaidh leibhéil níos dúshlánaí agus níos mó grafaicí 3T leis an gcluiche. Cuireadh an cluiche faoi bhráid grúpa de dhaltaí idirbhliana as meánscoil áitiúil. Labhair siadsan go dearfach faoi leibhéil éagsúla an chluiche agus faoina ghrafaicí sainiúla. Seoladh an táirge 'Knights' Domain' i siopaí cluichí éagsúla agus seoladh feachtas fógraíochta ag an am céanna.

Príomhghné de phlean gnó corparáideach 'Cluichí Galaxy' is ea an fhreagracht shóisialta. Rinneadh airgead a infheistiú chun rannóg seirbhíse do chustaiméirí a fhorbairt a mbeadh ardscileanna inti. Meallann agus coinníonn Cluichí Galaxy Teo. fostaithe cruthaitheacha d'ardchaighdeán. Go dtí seo, tá €1.5 milliún infheistithe sa chuideachta ag mórghnóthas caipiteal fiontair as an Eoraip. Coinníonn Cluichí Galaxy Teo. dea-chaidreamh lena chuid soláthróirí agus tá mórán díobh sin ag déanamh gnó leis an gcuideachta ó bunaíodh í. Thug Dáithí agus Sinéad tosaíocht d'éifeachtúlacht fuinnimh nuair a bhí foirgneamh a bheadh oiriúnach á roghnú.

Mar thoradh ar Éirinn a bheith ag baint cáile idirnáisiúnta amach in earnáil theicneolaíocht na cluichíochta agus mar thoradh ar an gcaoi ar éirigh leis an gcur i láthair a rinne Cluichí Galaxy ag 'Cruinniú Mullaigh Gréasáin Bhaile Átha Cliath 2012', léiríodh suim i gceannach na cuideachta. I mí Eanáir 2013, ghlac BizzBuzz seilbh air. Cuideachta dhomhanda chluichíochta as na Stáit Aontaithe is ea BizzBuzz agus is ceannaire margaidh sa tionscal é. Tá cur chuige domhanda ag BizzBuzz maidir le margaíocht a dhéanamh ar a chuid cluichí. Tá na cluichí ar fad ar fáil i ndeich gcinn de theangacha éagsúla. Cuireann siad praghsanna na n-iomaitheoirí san áireamh nuair a bhíonn a gcuid praghsanna féin á socrú, chomh maith le barainneachtaí scála éagsúla. Cuireann na forbairtí is déanaí ar an teicneolaíocht ar chumas BizzBuzz a chuid cluichí a dháileadh ar fud an domhain trí íoslódáil ón ngréasán ar ríomhairí glúine, ar fhóin chliste agus ar tháibléid. Is ainm branda é BizzBuzz a aithnítear ar fud na cruinne agus úsáideann sé an sluán 'Cluiche nua gach lá' ar a shuíomh gréasáin.

**(A)** Tabhair breac-chuntas ar na céimeanna a bhain le próiseas forbartha an táirge 'Knights' Domain' do Chluichí Galaxy Teo. (30 marc)

**(C)** Déan plé ar fhreagrachtaí sóisialta Chluichí Galaxy Teo. i leith na bpáirtithe leasmhara atá aige. (20 marc)

**(C)** Déan cumasc margaíochta domhanda BizzBuzz a mheasúnú. (30 marc)

**(80 marc)**

# ROINN 3
**(240 marc)**

Freagair **Ceithre** cheist as **Roinn 3** mar a leanas:
Freagair ceist **Amháin** as **Cuid 1**, **Dhá** cheist as **Cuid 2** agus ceist **Amháin** eile as **Cuid 1** nó as **Cuid 2**.
Tá na ceisteanna uile ar aon mharc.

# Cuid 1

# Daoine sa Ghnó / Timpeallacht Gnó

**Daoine sa Ghnó**

**Ceist 1**

**(A)** **(i)** Mínigh an téarma 'cosaint sonraí' faoi théarmaí na nAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 agus 2003.
**(ii)** Pléigh na feidhmeanna atá ag an 'coimisinéir cosanta sonraí' faoi théarmaí an achta seo.
(20 marc)

**(B)** Déan measúnú ar **dhá** cheann ar bith de na cuir chuige reachtacha a leanas chun coinbhleacht a réiteach:
**(i)** An Chúirt Mhionéileamh;
**(ii)** An Coimisiún um Chaidreamh Oibreachais;
**(iii)** An Binse Achomhairc Fostaíochta. (20 marc)

**(C)** Léirigh do thuiscint ar na téarmaí seo a leanas maidir le conradh bailí:
**Comhaontú;** **Dlíthiúlacht foirme;** **Comaoin**. (20 marc)

**(60 marc)**

**Timpeallacht Intíre**

Tá sé an-tábhacht an struchtúr gnó is cuí a roghnú nuair a bhíonn gnólacht á bhunú.

**Ceist 2**

**(A)** Pléigh na deiseanna **agus** na dúshláin a bhaineann le *Comhpháirtíocht* mar chineál úinéireachta gnó. (20 marc)

**(B)** Tabhair breac-chuntas ar ról Rialtas an hÉireann i spreagadh **agus** i rialú gnó in Éirinn.
(20 marc)

**(C)** Pléigh na treochtaí reatha a bhfuil tionchar acu ar ghnólachtaí in earnáil na seirbhísí de gheilleagar na hÉireann.
Tabhair samplaí mar thacaíocht le do fhreagra.
(20 marc)

**(60 marc)**

## Timpeallacht Intíre / Idirnáisiúnta

### Ceist 3

**(A)** Léigh an t-eolas thíos ón bPríomh-Oifig Staidrimh agus freagair na ceisteanna a leanann é:

An Phríomh-Oifig Staidrimh

| | **Comhardú na Trádála** | **Comhardú na Trádála Dofheicthe** |
|---|---|---|
| | **€m** | **€m** |
| Ráithe 2, 2012 | 10,004 | (6,769) easnamh |
| Ráithe 2, 2011 | 9,660 | (9,192) easnamh |

**(i)** Mínigh na téarmaí 'Comhardú na Trádála' agus 'Comhardú na nÍocaíochtaí'.
**(ii)** Ríomh figiúirí Chomhardú na nÍocaíochtaí don dá bhliain ó na sonraí thuas.
**(iii)** Léirigh a bhfuil i gceist leis an téarma 'easpórtálacha dofheicthe' trí thagairt do gheilleagar na hÉireann.

(20 marc)

**(B)** Pléigh na deiseanna **agus** na dúshláin do chuideachtaí móra dúchasacha mar Kerry Group cpt a bhaineann le heaspórtáil chuig tíortha nach bhfuil san AE.

(20 marc)

**(C)**

Tugann Uachtaránacht na hÉireann ar Chomhairle an Aontais Eorpaigh deis dúinn páirt ghníomhach a ghlacadh i múnlú thodhchaí na hEorpa.

Pléigh na slite a mbainfidh geilleagar na hÉireann tairbhe as fanacht mar bhall den AE.

(20 marc)

**(60 marc)**

# ROINN 3
## Cuid 2
## Fiontraíocht

**Fiontraíocht / Bainistíocht**

### Ceist 4

Léigh an t-eolas a thugtar thíos agus freagair na ceisteanna a leanann é.

Is gnólacht é EducaPrint Teo. a fhoilsíonn leabhair scoile in Éirinn. Mhol an bainisteoir táirgthe, Seán Ó Laoire, go gcuirfí cuid de na leabhair thraidisiúnta atá acu, agus atá i bhfoirm chlóite, ar fáil mar ríomhleabhair. Bhí sé ag iarraidh leas a bhaint as an bhfeabhas atá tagtha ar luas an leathanbhanda agus as an bhforbairt mhór atá tagtha ar ghléasanna soghluaiste. Cuireadh na ríomhleabhair ar an margadh in 2013 agus d'éirigh thar barr leo. D'fheidhmigh EducaPrint Teo. struchtúr eagraíochtúil maitríse d'fhorbairt na dtáirgí ríomhleabhar.

**(A)** **(i)** Mínigh an téarma 'infhiontraíocht'.
**(ii)** Tabhair breac-chuntas ar mhodhanna chun infhiontraíocht a chur chun cinn in EducaPrint Teo. (20 marc)

**(B)** Tabhair breac-chuntas ar na buntáistí **agus** ar na dúshláin a bhaineann le struchtúr eagraíochtúil maitríse (struchtúr foirne) d'EducaPrint Teo. i bhforbairt na dtáirgí ríomhleabhar. (20 marc)

**(C)** Pléigh an tábhacht a bhaineann leis an ngníomhaíocht bhainistíochta 'pleanáil' d'EducaPrint Teo. (20 marc)

**(60 marc)**

**Bainistíocht**

### Ceist 5

Is fostaí de chuid Acmhainní BAT Teo. í Audrey Nic an Ghaill agus tuilleann sí €78,000 mar olltuarastal bliantúil. Soláthraíonn a fostóir dearbhán saoire di ar fiú €2,000 é. Féachtar air seo mar shochar comhchineáil chomh fada agus a bhaineann sé le cúrsaí cánach agus gearrtar cáin dá réir air.

Is é €32,800 banda an ráta chaighdeánaigh i gcás cáiníocóir singil. (Ciallaíonn sé seo go ngearrtar cáin ar an ráta caighdeánach cánach de 20% ar an gcéad €32,800, agus gearrtar cáin ar an ráta is airde de 41% ar an bhfuílleach.)

Tá na creidmheasanna cánach seo a leanas ag Audrey: Creidmheas Cánach Duine Shingil €1,650, Creidmheas Cánach ÍMAT €1,650 agus Creidmheas Cánach Cíosa €320.

Is iad na rátaí don Mhuirear Sóisialta Uilíoch (USC) ar ollioncam Audrey ná 2% ar an gcéad €10,036, 4% ar an gcéad €5,980 eile agus 7% ar fhuílleach a hollioncaim. Íocann Audrey ÁSPC ar ráta 4% dá hollioncam.

**(A)** Ríomh an pá glan **míosúil** a thugann Audrey Nic an Ghaill abhaile léi. (20 marc)

**(B)** Mínigh na cineálacha éagsúla de luach saothair airgeadais **agus** neamhairgeadais d'fhostaithe i ngnólacht. (20 marc)

**(C)** **(i)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** chúis ar chóir do theaghlach réamhaisnéis faoin sreabhadh airgid a ullmhú.
**(ii)** Léirigh conas is féidir le teaghlach fadhbanna sreabhadh airgid a shárú (20 marc)

**(60 marc)**

**Bainistíocht / Gnó i nGníomh**

**Ceist 6**

Léigh an t-eolas a thugtar thíos agus freagair na ceisteanna a leanann é.

Tugann an straitéis '20 Faoin gCéad den Am' ag Google am agus spás d'innealtóirí oibriú ar a gcuid tionscadal féin.

**(A)** Tabhair breac-chuntas ar na foinsí inmheánacha **agus** seachtracha smaointe le haghaidh táirgí nua do chuideachtaí teicneolaíochta mar Google. (20 marc)

**(B)** *'Má tá gnó le maireachtáil, caithfidh sé fás agus fairsingiú.'*
Déan measúnú ar **dhá** mhodh le gnó a fhairsingiú. (20 marc)

**(C)** Déan na himpleachtaí gearrthéarmacha agus fadtéarmacha d'fhairsingiú gnólachta a phlé faoi na ceannteidil a leanas:

**Struchtúr eagrúcháin; Réimse táirgí; Brabúsacht; Fostaíocht.** (20 marc)

**(60 marc)**

**Gnó i nGníomh**

**Ceist 7**

Léigh an t-eolas a thugtar thíos agus freagair na ceisteanna a leanann é.

D'aimsigh cuideachta Éireannach, 'Buataisí Uile-Aimsire Teo.', margadh nideoige do bhuataisí rubair ildaite de gach méid. Is ar líne is mó a dhíoltar na buataisí rubair, le daoine a bhaineann taitneamh as a bheith 'amuigh faoin spéir' agus le daoine a bhíonn ag freastal ar fhéilte. Is mian leis an gcuideachta fairsingiú agus oiriúintí mar scáthanna fearthainne, scaifeanna agus hataí a chur leis an réimse táirgí.

**(A)** Tabhair breac-chuntas ar na teicnící taighde margaidh atá ar fáil do 'Bhuataisí Uile-Aimsire Teo.' lena réimse táirgí a fhorbairt. (20 marc)

**(B)** **(i)** Mínigh an téarma 'deighilt an mhargaidh' agus tú ag tagairt do 'Bhuataisí Uile-Aimsire Teo.'.
**(ii)** Pléigh na cúiseanna a rachadh rannóg mhargaíochta 'Buataisí Uile-Aimsire Teo.' i muinín dheighilt an mhargaidh. (20 marc)

**(C)** Tabhair breac-chuntas ar na tosca a chuirfeadh bainisteoir margaíochta san áireamh nuair a bheadh praghsanna díolta na dtáirgí á socrú ag 'Buataisí Uile-Aimsire Teo.'.
(20 marc)

**(60 marc)**

**NÁ DÉAN DEARMAD AN CEISTPHÁIPÉAR SEO A THABHAIRT AR AIS LEIS AN bhFREAGARLEABHAR INA mBEIDH NA FREAGRAÍ AR ROINN 2 AGUS ROINN 3**

Leathanach Bán

Leathanach Bán

Leathanach Bán